


1



AITHIN NA SIOMPTÓIM

Má tá síorchasacht nua, nó fiabhras ort, nó má chailleann tú do chumas blaiseadh nó bolú, ba chóir duit féin agus do gach duine i do theach leithlisiú a dhéanamh láithreach.

2



IARR TÁSTÁIL ANOIS DÍREACH

Tabhair cuairt ar nidirect.gov.uk/ coronavirus le tástáil a chur in áirithe ar líne. Muna bhfuil tú ábalta tástáil a chur in áirithe ar líne cuir scairt ar 119.


3



LEITHLISIGH

Leithlisigh ar feadh 10 lá tar éis na siomptóim a bheith le feiceáil, níos faide má leanann an fiabhras (go dtí 48 uair ar a laghad tar éis do theocht filleadh ar ais mar a bhí). Ba cheart do dhaoine eile atá ina gcónaí leat leithlisiú ar feadh 14 lá.

4



FAIGH TÁSTÁIL

Déantar tástáil in ionaid tástála tiomáin tríd agus ní mór duit teacht i gcarr (ní de shiúl na gcos, ar iompar poiblí, i dtacsáí ná ar aon bhealach eile). Tá tástálacha baile ar fáil freisin.

5



FAIGH TORTHAÍ

Ba cheart go bhfaighidh tú na torthaí laistigh de 72 uair an chloig. Má tá na torthaí diúltach maidir le coróinvíreas, ní bheidh gá duit agus do theaghlach leithlisiú níos mó. Má fhaigheann tú tástáil dearfach, cuirfidh rianairí teagmhála an ÚSP téacs chugat.

6



CUIR MIONSONRAÍ AR FÁIL

Iarrfaidh siad ort mionsonraí a chur ar fáil ar líne faoi na daoine a raibh tú i dteagmháil leo. Muna bhfuil rochtain idirlín agat, is féidir go nglaofaidh siad ort ó 028 9536 8888.

7



CUIREANN AN GSP THEAGMHÁLITHE AR AN EOLAS

Gheobhaidh dlúth-theagmhálaithe téacs ó HSCtracing le rá leo leithlisiú a dhéanamh. Ní roinnfear d'ainm ach amháin má cheadaíonn tú sin a dhéanamh. Coinneofar na mionsonraí go léir slán.

8



IARRTAR AR DHLÚTH-THEAGMHÁLITHE LEITHLISIÚ

Iarrfar ar dhlúth-theagmhálaithe leithlisiú ar feadh 14 lá ón uair dheireanach a raibh siad i dteagmháil leat.

9



TEAGHLAIGH DHLÚTH-THEAGMHÁLITHE

Muna bhfuil aon siomptóim ar an dlúth-theagmhálaí, ní gá do dhaoine eile sa teaghlach leithlisiú. Má thagann siomptóim ar an dlúth-theagmhálaí, ba cheart dó/di na treoracha seo a leanúint, ag tosú le céim 1.

Nuair is féidir leat an baile a fhágáil, coinneigh slán agus lean ort de chomhairle sláinte poiblí a leanúint.

- Nigh do lámha go cúramach agus go minic agus ná leag do lámh ar d'aghaidh.
- Coinneigh amach ó dhaoine eile agus tú lasmuigh den bhaile.
- Úsáid d'uillinn nó ciarsúr páipéir le casacht nó sraoth a dhéanamh agus cuir an ciarsúr páipéir i mbosca bruscair.
- Caith clúdach aghaidhe i spásanna dúnta amhail siopaí, suíomhanna cúram sláinte agus ar iompar poiblí.
- Íoslódáil an aip StopCOVID NI le tacú le teagmhálacha a rianú.

Is féidir leat an víreas a scaipeadh fiú nuair nach bhfuil na siomptóim ort.

WE ALL
MUST DO IT
TO GET
THROUGH IT



STAY SAFE



SAVE LIVES